

17 Márta 2021 + Naomh Pádraig +Easpag, Príomhéarlámh na hÉireann, Sollúin

S: In ainm an Athar agus an Mhic
agus an Spioraid Naoimh.

P: Amen.

S: Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé
agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.

Nó: Siocháin libh

P: Agus le do spiorad.

Sample words of Introduction (adapt as you wish)

Cuirim fáilte ó chroí romhaibh go léir
chun an Aifreann seo agus Sollúin Naomh Phádraig
á cheiliúradh againn.

I warmly welcome all of you who are praying with us
online this morning as we celebrate the Solemnity
of our National Patron Saint Patrick.

GNÍOMH AITHRÍ

S: A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun
cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra
naofa a cheiliúradh.

Bíonn tost gairid.

Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoinreamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
trí mo choir féin, trí mo choir féin,
trí mo mhórchoir féin.

Ar an ábhar sin impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre,
guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn;
go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé
chun na beatha síoraí sinn. Amen.

A Thiarna déan trócaire (SUNG)

An Glóir (SUNG)

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú;
móiraimid thú;
adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
aThiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain,
déan trócaire orainn;
tusa a thógann peacaí an domhain,
glac lenár ngui.
Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar,
déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa;
is tú amháin is Tiarna;
is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost,
mar aon leis an Spiorad Naomh:
i nglóir Dé an tAthair.
Amen.

AN CHOMHURNAÍ

Guímis.

A Thiarna,

de bharr shaothar Naomh Pádraig in Éirinn

admháimid rúndiamhair an aon Fhíor-Dhé

agus gamhaimid buíochas as ár slánú i gCríost;

de bharr a idirghuí

deonaigh dúinne a cheiliúrann an fhéile seo,

Ú (´ (Í Ú Ó 7 (´ (Ó ´ Ó ´

a choinneáil beo i gcónaí inár measc.

Trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac,

a mhaireann agus a rialaíonn leatsa,

in aontacht an Spioraid Naoimh,

ina Dhia, trí shaol na saol.

Amen.

Comhghair an tSoiscéil

Cf. N. Séam 1:21

Céad moladh duit, a Chríost...

Glacaigí go ceansa le Briathar a Dé a síodadh ionaibh
Agus atá in ann bhur nanam a shlánu, agus géill dó.

Céad moladh duit, a Chríost...

AN SOISCÉIL **Marcas 16:15-20**

Go raibh anTiarna libh. Agus le do spiorad.
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Marcas
Glóir duit, aThiarna.

San ám sin thaispeáin Íosa é féin don aonar déag
agus dúirt leo:

e (1 ' (Ó ' (Ú (agus fógraigí an soiscéal don chruthaíocht uile.

An té a chreidfidh agus a bhaistfear, slánófar é;
ach an té nach gcreidfidh, daorfar é.

Agus leanfaidh na comharthaí seo
an dream a chreideann:

Í ' 1 Ó (' Ó(ÓÚ ' ' (' ' Í ((

labhróidh siad i dteangacha nua;
tógfaidh siad nathracha ina lámha,
agus má ólann siad aon deoch mharfach,
ní dhéanfaidh sí díobháil dóibh;
leagfaidh siad a lámha ar easláin,

' (Á Ú Ó (' Ó(' (1 ' : (

Tar éis dó labhairt leo, dá bhrí sin,
tógadh an Tiarna Íosa suas ar neamh,
agus chuaigh sé chun suite ar dheasláimh Dé.

Ach iad siúd,

Ó (agus chabhair siad i ngach áit,
agus chabhraigh an Tiarna leo

ag neartú an bhriathair leis na comharthaí a lean é.

f l g c g ' V Y U [Å " Ł

Soiscéal an Tiarna Moladh duit, a Chríost.

An Searmóin

AN CRÉ:

An Sagart: Creidim i nDia,
Gach éinne: an tAthair uilechumhachtach,
Cruthaitheoir neimhe agus talún,
agus in Íosa Críost, a Aon-Mhacsan,
ár dTiarna,

Ag na focail a leanas, chomh fada le Muire Ógh, cromann gach duine.

a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh,
(fúlaing páis faoi Phointias Píoláit,
a céasadh ar an gcros,
a fuair bás agus a adhlacadh,
a chuaigh síos go hifreann,
(éigh an treas lá ó mhairbh,
a chuaigh suas ar neamh,
atá ina shuí ar dheis Dé
an tAthair uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt
ar bheo agus ar mhairbh.

Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomh-Eaglais Chaitliceach,
i gcomaoin na naomh,
i maithiúnas na bpeacaí,
in aiséirí na colainne,
agus sa bheatha shíoraí.
Amen.

Guí an Phobail:

Intro: In éineacht leo siúd go léir atá ag comóradh na féile seo ar fud an domhain, cuirimis ár riachtanais i láthair an Tiarna.

1. Guímis ar son ár dtíre féin. Go n-aontaí luachanna an tSoiscéil ò mar atá: grá, síocháin agus cothrom na Féinne, meas ar Dhia agus ar ár gcomharsana ò go n-aontaí siad le chéile sinn ar na saolta seo, agus ar na saolta romhainn amach.

A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

2. Guímis ar son na nÉireannach atá ag maireachtáil thar sáile, iad siúd nach bhfuil in ann teacht abhaile ar cuairt chun a muintire, ná chun cairde a gcroí. Ar an lá áirithe seo, tugaimis chun cuimhne i gcónaí ár misinéirí agus iad i mbun soiscéalaíochta i dtíortha eile.

A Thiarna, éist linn.

3. Guímis dóibh siúd ó thíortha eile atá ag cur fúthu in Éirinn. Go gcumhdaí Dia iad agus go bhfaighe siad deiseanna nua, a thabharfaidh sásamh dóibh, ó phobal a chuirfidh fáilte rompu.

A Thiarna, éist linn.

4. Guímis ar son na n-easlán; ar son na ndaoine atá trí chéile in aon slí, idir intinn is anam is chorp; ar son na ndaoine atá uaigneach agus briste-chroíoch. Go bhfaighe siad sólas agus cneasú faoi choimire Dé. Guímis ar son gach duine a chabhraigh linn i rith na bliana.

A Thiarna, éist linn.

5. Guímis dóibh siúd anseo sa bhaile, agus ar fud an domhain, atá ag fulaingt de dheasca bochtanais, easpa dídine agus foréigin. Tugaimis lámh chúnta, faoi chroí mór maith, dóibh siúd go léir a dteastaíonn cúnamh uathu.

A Thiarna, éist linn.

6. Guímis ar son na marbh: cuimhnímis go háirithe orthu siúd a fuair bás le bliain anuas. Cuimhnímis orthu siúd a thug an creideamh ar lámh dúinn. Go raibh siad ar fad lúcháireach i láthair Dé ag an bhféasta síoraí.

A Thiarna, éist linn.

Concluding prayer:

**A Thiarna Dia, grámhar agus tuisceanach,
éist lenár nguí a chuirimid i do láthair:
méadaigh ár ngrá agus neartaigh ár gcreideamh.
Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.
Amen.**

LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE

Ina sheasamh dó ag an altóir, tógann an sagart an paiteana leis an abhlann, agus lena dhá lámh ardaíonn é beagán os cionn na haltóra, á rá i nguth íseal:

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an t-arán seo a ofráilimid duit:
toradh na talún agus saothar lámha an duine
agus déanfar de arán na beatha dúinn.

Ansin leagann sé an paiteana leis an abhlann ar an gcorparáil. Mura mbíonn ceadal don ofráil, ní miste don sagart na focail seo a rá os ard agus don phobal freagairt de chomhgháir:

Moladh go deo le Dia.

Cuireann an deochain nó an sagart fion agus braoinín uisce sa chailís, á rá go rúnda:

Trí rúndiamhair an uisce agus an fhíona seo,
go ndéantar páirteach sinn i ndiagacht an té sin
a dheonaigh a bheith páirteach inár ndaonnacht.

Ina dhiaidh sin, tógann an sagart an chailís agus ardaíonn í beagán os cionn na haltóra, á rá i nguth íseal:

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an fíon seo a ofráilimid duit:
toradh na fíniúna agus saothar lámha an duine ,
agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.

Ansin leagann sé an chailís ar an gcorparáil. Mura mbíonn ceadal don ofráil, ní miste don sagart na focail seo a rá os ard agus don phobal freagairt de chomhgháir:

Moladh go deo le Dia.

Ansin cromann an sagart go híseal agus deir go rúnda:

I spiorad na humhlaíochta is le doilíos croí
go nglactar linn, a Thiarna,
agus go raibh sásamh agat, dá bharr sin,
san íobairt a ofráilimid duit inniu, a Thiarna Dia.

Túisíonn sé na hofrálacha, an chros agus an altóir. Ansin túisíonn mineastrálaí eile an sagart agus an pobal. Ansin níonn an sagart a lámha agus é ina sheasamh le taobh na haltóra, á rá go rúnda:

Nigh mo chiontacht díom, a Thiarna,
agus glan díom mo pheaca.

*Ansin, agus é ina sheasamh ag lár na haltóra agus a aghaidh ar an bpobal,
síneann sé a lámha uaidh amach agus tugann le chéile arís iad, á rá:*

**A phobal Dé, guígí go nglacfaidh Dia,
an tAthair uilechumhachtach,
leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.**

Seasann an pobal agus freagraíonn siad:

Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,
chun onóra agus glóire a ainm,
agus chun sochair dúinne
agus dá Naomh-Eaglais uile.

OS CIONN NA NOFRÁLACHA

**A Thiarna,
glac leis an íobairt fhíorghlan seo
a ofrálann do phobal buíoch chun glóire Ó
de bharr shaothar Naomh Pádraig.**

Trí Chríost ár dTiarna. Amen.

AN PHREAFÁID LE PAIDIR EOCAIRISTEACH II

S Go raibh an Tiarna libh.

P Agus le do spiorad.

S Tógaigí bhur gcroíthe in airde.

P Tá sé tógtha in airde chun an Tiarna againn.

S Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.

P Is ceart agus is cóir sin.

S Is ceart agus is cóir dúinn go deimhin,
is cuí agus is tairbheach
buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit,
a Thiarna, a Athair naofa,
a Dhia uilechumhachtaigh shíoraí,
agus do mhórgacht a fhógairt
leis an moladh is dual
agus sinn ag tabhairt ómóis do Naomh Pádraig.

Óir trína phaidreoireacht laethúil
le linn dó bheith i ngéibheann
agus ag fulaingt cruatain
thug tú air thú a aithint mar Athair grámhar.
Thogh tú é as a raibh ar domhan
chun filleadh ar thír na ndaoine
a rinne sclábhaí de i dtreo is go n-admhóidís
Íosa Críost, a Slánaitheoir.

Trí chumhacht do Spioraid
threoraigh tú a bhealaí ionas gur éirigh leis
clann mhac agus iníonacha na nGael a iompú
chun seirbhís Dé Thrí-aonta.

Agus dá bhrí sin, mar aon leis na hAingil
agus leis na hArdaingil agus le slua ollmhór
na Naomh canaimid duan do mholta
agus sinn ag fógairt gan stad: **Is naofa, naofa** (sung)

PAIDIR EOCAIRISTEACH II

Síneann an sagart a lámha uaidh amach agus deir:

A Thiarna Dia,
is Naofa thú go fírinneach;
is tú tobar na naofachta go léir.

*Cuireann sé a lámha le chéile agus leathann iad
os cionn na n-ofrála á rá:*

Naomhaigh, mar sin, impímid ort,
na bronntanais seo le drúcht do Spioraid,

*Cuireann a bhosa le chéile agus déanann fíor na croise
aon uair amháin os cionn an aráin agus na cailíse á rá:*

chun go ndéanfar díobh inár gcomhair
Corp agus **P** Fuil ár dTiarna, Íosa Críost.

*Cuireann a bhosa le chéile. Sna foirmí seo leanas deirtear focail ár dTiarna go
soiléir agus os ard faoi mar a éilíonn nádur na bhfocal féin.*

Nuair a bhí sé á thabhairt suas
chun na Páise dá dheoin féin,

*tógann sé an t-arán; coimeádann in airde beagán os cionn
na haltóra é agus leanann air:*

ghlac sé an t-arán,
agus ag gabháil buíochais leat,
bhris, agus thug dá dheisceabail é, á rá:

cromann beagán

GLACAIGÍ AGUS ITHIGÍ UILE AS SEO:
ÓIR IS É SEO MO CHORP
A THABHARFAR AR BHUR SON.

*Taispeánann sén abhlann choisricthe don phobal, leagann ar an bpaiteana í,
agus feacann a ghlúin á hadhradh. Ansin leanann air:*

Ar an gcaoi chéanna, tar éis an tsuipéir,
Tógann an chailís; coimeádann in airde beagán os cionn na haltóra í agus deir:
ag glacadh na cailíse,
agus ag gabháil buíochais leat arís,
thug sé dá dheisceabail í, á rá:

cromann beagán

GLACAIGÍ AGUS ÓLAIGÍ UILE AISTI SEO:
ÓIR IS Í SEO CAILÍS MO CHUID FOLA,
FUIL AN NUATHIOMNA SHÍORAÍ.
DOIRTFEAR Í AR BHUR SON
AGUS AR SON MÓRÁIN
CHUN MAITHIÚNAS NA BPEACAÍ.
DÉANAIGÍ É SEO I GCUIMHNE ORMSA.

Taispeánann sé an chailís don phobal; leagann ar an gcorporáil í agus feacann a ghliúin á hadhradh. Ansin deir sé

Rúndiamhair an chreidimh.

Freagraíonn an pobal de chomhgháir:

(SUNG)

Mo Thiarna is mo Dhia

Ansin síneann an sagart a lámha uaidh amach agus deir:

Dá réir sin, a Thiarna Dia,
ag cuimhneamh dúinn
ar bhás agus ar aiséirí Chríost,
ofrálaimid duit arán na beatha
agus cailís an tslánaithe,
agus gabhaimid buíochas leat
toisc gurbh fhiú leat sinn
a bheith i do láthair
agus ag fónamh duit.

Iarraimid go humhal ort
go n-aontófar le chéile,
le cumhacht an Spioraid Naoimh,
sinne atá páirteach
i gCorp agus i bhFuil Chríost.

1C Tabhair chun cuimhne, a Thiarna,
Ó a ' (' (1 Ó (' (Ó
chun go ndéanfá í a neartú sa charthanacht
i gcuideachta lenár bPápa Proinnsias,
agus lenár nEaspag Diarmuid,
a Easpaig Cúnta agus leis an gcléir uile.

2C Cuimhnigh freisin ar ár muintir féin
a fuair bás agus iad ag súil le haiséirí
agus orthu siúd uile atá imithe
ar shlí na fírinne faoi do ghnaoi
agus fáiltigh rompu isteach
i solas do ghnúise.

Déan trócaire orainn uile, impímid ort,
ionas gurbh fhiú sinn
a bheith páirteach sa bheatha shíoraí
chun tú a mholadh agus a ghlóiriú
i gcuideachta na Maighdine
Beannaithe Muire, Máthair Dé,
Íósaf Noafa, a Céile, na Naomhaspal,
Naomh Pádraig, Naomh Lorcán Ó Tuathail
agus na Naomh uile a rinne do thoilse
riamh anall trí do Mhac Íosa Críost.

Tógann sé an páiteana leis an abhlann, agus an chailís; ardaíonn iad araon

agus deir: Is tríd, agus leis, agus ann
a thugtar gach onóir agus glór duitse,
a Dhia an tAthair uilechumhachtach,
in aontacht an Spioraid Naoimh,
trí shaol na saol. **Amen!**

DEASGHNÁTHA NA COMAOINEACH

S: Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú
agus briathar Dé dár dteagasc,
tá sé de mhisneach againn a rá:

(T ' (' (' (Ú ' 7 ((')
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an talamh,
mar a dhéantar ar neamh.

Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

Leanann an sagart féin air agus a lámha sínte uaidh amach aige:

S: Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa
agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

P: Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht
agus an ghlóir trí shaol na saol.

S: T (r ' ' (' ([7 (' (Ó
Fágaim síocháin agaibh,
tugaim daoibh mo shíocháin:
ná féach ar ár bpeacaí-ne
ach ar chreideamh d a ' ' Ú M(
deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú,
faoi mar is toil leat féin,
tusa a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol.

P: Amen.

S: Síocháin an Tiarna libh i gconaí.

P: Agus le do spiorad.

Ansin tógann sé an abhlann shárnaofa agus briseann os cionn an phaiteana í agus cuireann píosa di sa chailís, á rá go rúnda:

5 b ' Wi a U g W ' g Y c ' X Y ' 7 \ c f d ' U [i g '
Íosa Críost, go dtuga sé chun na beatha síoraí sinne a ghlacann é.

Idir an dá linn cantar:

**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain,
déan trácaire orainn.**

**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain,
déan trácaire orainn.**

**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain,
tabhair dúinn síocháin.**

Ansin, agus a bhosa le chéile aige, deir an sagart go rúnda:

A Thiarna Íosa Críost, Mac Dé bheo, thug do bhás beatha don domhan le toil an Athar agus le cabhair an Spioraid Naoimh: saor mé ó mo pheacaí uile, agus ó gach urchóid trí do Chorp agus d'Fhuil rónaofa:

tabhair dom cloí i [W Æ b U † ' ` Y ' X Ñ U] h \ Y U b h U
agus ná lig dom scaradh leat choíche.

Feacann an sagart a ghlúin; tógann sé an abhlann shárnaofa ina lámh; coimeádann in airde í beagán os cionn an phaiteana nó na cailíse; deir sé os ard agus a aghaidh ar an bpobal:

S: Seo é Uain Dé,
seo é an té a thógann peacaí an domhain.
Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh
chun séire an Uain.

Ansin deir sé aon uair amháin i gcomhar leis an bpobal:

A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon,

' Í (' Á ' Ú (' (1 Í ' (' (' Ú

Agus a aghaidh ar an altóir, deir an sagart go rúnda:

Go dtuga Corp Chríost slán chun na beatha síoraí mé.

Glacann sé Corp Chríost le hurraim. Ansin tógann sé an chailís ina lámh agus deir go rúnda:

Go dtuga Fuil Chríost slán chun na beatha síoraí mé.

AN IARCHOMAOINEACH

Guímis.

**Neartaigh sinn tríd an tsacraimint seo, a Thiarna,
i dtreo go ndéanfaimid an creideamh
a theagasc Naomh Pádraig a admháil
agus a fhógairt trínár modh maireachtála.
Trí Chríost ár dTiarna.**

Option Blessing of Shamrock

Blessing of Shamrock:

**God of power and goodness,
source of all grace and crown of all the saints,
through the intercession of Saint Patrick
grant that as we wear this shamrock
brought here for your + blessing,
we may be eager to imitate him
whose life we celebrate,
and that our reward in heaven
may be the company of Saint Patrick
whose prayerful protection
is our comfort on earth.**

Through Christ our Lord. Amen.

Sprinkle the shamrock with holy water.

BEANNACHT SHOLLÚNTA

Leathann an sagart a lámha, agus a aghaidh i dtreo an phobail, agus deir:

S: Go raibh an Tiarna libh.

P: Agus le do spiorad.

Dia an tAthair, a thionól le chéile sinn
le féile Naomh Pádraig a cheiliúradh,
go mbeannaí sé sibh, go gcosnaí sé sibh
agus go gcoinní sé dílis don chreideamh sibh.

P. Amen.

Go raibh Críost, an Tiarna,
Ardrí na bhflaitheas,
i ngar daoibh i gcónaí
agus go gcumhdaí sé sibh ar an olc.

P. Amen.

Go ndeonaí an Spiorad Naomh,
foinse na naofachta,
go mbeidh sibh lán de ghrá do phobal Dé.

P. Amen.

Agus beannacht Dé uilechumhachtaigh,
Athair, Mac **P** agus Spiorad Naomh,
go tdaga sí anuas oraibh
agus go bhfana libh de shíor.

P. Amen.

Imígí faoi shíocháin ag ghlóiriú an Tiarna
le bhur mbeatha.

P. Buíochas le Dia.